C/2025/6325

3.12.2025

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Ullmhacht Cosanta na hEorpa 2030

(C/2025/6325)

Rapóirtéir:	Ricardo RIO (PT/PPE), Méara Braga, an Phortaingéil
Doiciméid tagartha:	Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Ullmhacht Cosanta na hEorpa 2030 JOIN(2025) 120 final Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) COM(2025) 122 final Teachtaireacht maidir le caiteachas cosanta méadaithe a chumasú laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis C(2025) 2000 final. Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí a bhaineann le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme COM(2025) 188 final

I. MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE

COM(2025) 122 final

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE)

Leasú 1

Aithris 19

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ó Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a áirithiú agus chun dlús a chur lena chur in oiriúint d'athrú struchtúrach agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht an chúnaimh airgeadais a dheonaítear a threisiú, tá sé tábhachtach coinníollacha íosta a leagan síos a bhaineann leis an luach a ghintear laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglas a bheith i gconarthaí soláthair chomhoibríoch nach lú costais na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais***, Stáit CSTE LEE*** nó na hÚcráine ná 65 % de chostais mheasta an táirge deiridh.	Chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ó Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a áirithiú agus chun dlús a chur lena chur in oiriúint d'athrú struchtúrach agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht an chúnaimh airgeadais a dheonaítear a threisiú, tá sé tábhachtach coinníollacha íosta a leagan síos a bhaineann leis an luach a ghintear laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglas a bheith i gconarthaí soláthair chomhoibríoch nach lú costais na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais nó na hÚcráine ná ***70*** % de chostais mheasta an táirge deiridh.

Cúis

Is é is aidhm don rialachán seo Tionscal Cosanta na hEorpa a neartú chomh maith le tacú leis an Úcráin. Sa chomhthéacs sin, níor cheart ach Ballstáit an Aontais agus an Úcráin a chur san áireamh agus luach Eorpach conartha soláthair chomhoibríoch á ríomh.

Leasú 2

Aithris 22

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ba cheart do na Ballstáit ar mian leo cúnamh airgeadais a fháil faoi ionstraim SAFE iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, a mbeidh plean infheistíochta um an tionscal cosanta Eorpach ag gabháil léi. Chun ullmhú pleananna a éascú, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit dul i mbun malartuithe d'fhonn leithdháiltí sealadacha na méideanna iasachta a shainaithint. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí uile arna dtíolacadh ag na Ballstáit. Agus measúnú á dhéanamh aige ar phleananna náisiúnta, ba cheart don Choimisiún saineolas GEC nó Fhoireann Mhíleata an Aontais a iarraidh, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don Choimisiún na méideanna iasachta a leithdháileadh ar na Ballstáit lena mbaineann trí phrionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta a chur i bhfeidhm, go háirithe más airde suim na méideanna iasachta a iarradh ná uasmhéid iomlán an chúnaimh airgeadais atá ar fáil faoi ionstraim SAFE. ***Ba cheart na hiasachtaí a leithdháileadh i measc na mBallstát a dhéanann iarratas orthu i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta.*** I bpleananna infheistíochta um an tionscal cosanta Eorpach, ba cheart tuairisc a thabhairt ar bhearta chun athléimneacht earnáil thionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú, go háirithe trí rochtain ar an margadh cosanta a éascú do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe agus do ghníomhaithe nua i réimse na cosanta.	Ba cheart do na Ballstáit ar mian leo cúnamh airgeadais a fháil faoi ionstraim SAFE iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, a mbeidh plean infheistíochta um an tionscal cosanta Eorpach ag gabháil léi. Chun ullmhú pleananna a éascú, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit dul i mbun malartuithe d'fhonn leithdháiltí sealadacha na méideanna iasachta a shainaithint. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí uile arna dtíolacadh ag na Ballstáit. Agus measúnú á dhéanamh aige ar phleananna náisiúnta, ba cheart don Choimisiún saineolas GEC nó Fhoireann Mhíleata an Aontais a iarraidh, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don Choimisiún na méideanna iasachta a leithdháileadh ar na Ballstáit lena mbaineann trí phrionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta a chur i bhfeidhm, go háirithe más airde suim na méideanna iasachta a iarradh ná uasmhéid iomlán an chúnaimh airgeadais atá ar fáil faoi ionstraim SAFE. I bpleananna infheistíochta um an tionscal cosanta Eorpach, ba cheart tuairisc a thabhairt ar bhearta chun athléimneacht earnáil thionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú, go háirithe trí rochtain ar an margadh cosanta a éascú do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe agus do ghníomhaithe nua i réimse na cosanta. ***Lena áirithiú go gcuirfear FBManna san áireamh agus go gcuirfear cistí d'éiceachóras tionsclaíoch EDTIB san áireamh, ba cheart d'Ionstraim SAFE tosaíocht a thabhairt do thionscadail a bhfuil baint ag dhá FBM ar a laghad ó na Ballstáit leo.***

Cúis

Baineadh an téacs iomarcach.

Leasú 3

Aithris 25

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ba cheart baint a bheith ag dhá thír rannpháirteacha ar a laghad, ar Ballstáit***, Stáit CSTE LEE nó an Úcráin*** iad, le soláthairtí comhoibríocha***, agus ba cheart tír amháin díobh sin ar a laghad a bheith ina Ballstát a thairbhíonn de thacaíocht iasachta faoi ionstraim SAFE***. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus tríú tíortha eile a bhfuil Comhpháirtíocht Slándála agus Chosanta (Ionstraim neamhcheangailteach) tugtha i gcrích ag an Aontas leo, páirt a ghlacadh i soláthairtí comhoibríocha a dhéantar le Ballstát a bhfuil tacaíocht á fáil aige ón gcúnamh airgeadais faoi ionstraim SAFE. ***Maidir le Stáit CSTE LEE agus an Úcráin a áireamh i measc na dtíortha a fhéadfaidh a bheith san íoslíon a bhfuil gá leis le haghaidh soláthar comhoibríoch, tá bonn cirt leis an méid sin mar gheall ar dhlúth-chomhpháirtíocht gach ceann de na tíortha sin leis an***	Ba cheart baint a bheith ag dhá thír rannpháirteacha ar a laghad, ar Ballstáit iad, le soláthairtí comhoibríocha. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag ***Stáit CSTE LEE, an Úcráin,*** tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus tríú tíortha eile a bhfuil Comhpháirtíocht Slándála agus Chosanta (Ionstraim neamhcheangailteach) tugtha i gcrích ag an Aontas leo, páirt a ghlacadh i soláthairtí comhoibríocha a dhéantar le Ballstát a bhfuil tacaíocht á fáil aige ón gcúnamh airgeadais faoi ionstraim SAFE. Moltar do na Ballstáit freisin tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Úcráin leis an trealamh a sholáthraítear le cúnamh airgeadais ó ionstraim SAFE.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Aontas i dtáirgeadh cosanta tionsclaíche agus toisc go bhfuil ar an Úcráin aghaidh a thabhairt go díreach ar chogadh foghach leanúnach na Rúise. Moltar do na Ballstáit freisin tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Úcráin leis an trealamh a sholáthraítear le cúnamh airgeadais ó ionstraim SAFE. **Le rannpháirtíocht na dtríú tíortha sin i soláthairtí comhoibríocha arna ndámhachtain do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí nó do Bhonn Tionsclaíoch Cosanta agus Teicneolaíochta na hÚcráine nó Stáit CSTE LEE, ba cheart leibhéal comhiomlánaithe an éilimh a bhfuil gá leis a mhéadú chun uas-scálú na hacmhainneachta tionsclaíche a bhaint amach agus chun tacaíocht a sholáthar d'idir-inoibritheacht na gcóras agus na dtáirgí arna gcur in úsáid ag na comhpháirtithe is dlúithe de chuid an Aontais sa réimse seo agus, san am céanna, é a chur ar a gcumas do na Ballstáit atá rannpháirteach sna soláthairtí sin praghsanna níos fearr a fháil.**	

Cúis

Is é is aidhm don ionstraim AE sin ullmhacht cosanta an Aontais a áirithiú faoi 2030 trí shlabhra soláthair cosanta an Aontais a neartú. Tá sé d'aidhm aige soláthar comhoibríoch an Aontais maidir le cosaint a dhreasú. Chun go mbeidh éifeacht leis sin, ba cheart do dhá Bhallstát ar a laghad a bheith rannpháirteach ann; ní leor Ballstát amháin. Ba cheart gné an Aontais a bheith soiléir.

Leasú 4

Aithris 27

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun na críche sin, ba cheart éascaíocht a dhéanamh ar dhámhachtain na gconarthaí bunaithe ar sholáthairtí comhoibríocha a bhaineann le ***haon*** Bhallstát ***amháin*** ar a laghad a bhfuil tacaíocht á fáil aige ón gcúnamh airgeadais faoi ionstraim SAFE. Dá bhrí sin, na Ballstáit a dhéanann soláthairtí comhoibríocha agus úsáid á baint acu as an gcúnamh a sholáthraítear faoi ionstraim SAFE, ba cheart a mheas go bhfuil siad i staid phráinne de dheasca géarchéime, rud a thugann údar le nós imeachta idirbheartaíochta a úsáid gan iarratas ar thairiscintí a fhoilsiú roimh ré mar a fhoráiltear i dTreoir 2009/81/CE. Thairis sin, chun leasanna slándála na mBallstát atá rannpháirteach i soláthairtí comhoibríocha agus a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó ionstraim SAFE a chosaint, is gá freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht creat-chomhaontú nó conradh atá ann cheana a oscailt d'údaráis chonarthacha na mBallstát nach raibh ina bpáirtithe sa chomhaontú sin ar dtús, cé nach ndearnadh foráil sa chreat-chomhaontú sin ar dtús maidir leis an bhféidearthacht sin, ar choinníoll go bhfaighfear toiliú roimh ré ón ngnóthas a thug an creat-chomhaontú i gcrích.	Chun na críche sin, ba cheart éascaíocht a dhéanamh ar dhámhachtain na gconarthaí bunaithe ar sholáthairtí comhoibríocha a bhaineann le ***dhá*** Bhallstát ar a laghad a bhfuil tacaíocht á fáil aige ón gcúnamh airgeadais faoi ionstraim SAFE. Dá bhrí sin, na Ballstáit a dhéanann soláthairtí comhoibríocha agus úsáid á baint acu as an gcúnamh a sholáthraítear faoi ionstraim SAFE, ba cheart a mheas go bhfuil siad i staid phráinne de dheasca géarchéime, rud a thugann údar le nós imeachta idirbheartaíochta a úsáid gan iarratas ar thairiscintí a fhoilsiú roimh ré mar a fhoráiltear i dTreoir 2009/81/CE. Thairis sin, chun leasanna slándála na mBallstát atá rannpháirteach i soláthairtí comhoibríocha agus a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó ionstraim SAFE a chosaint, is gá freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht creat-chomhaontú nó conradh atá ann cheana a oscailt d'údaráis chonarthacha na mBallstát nach raibh ina bpáirtithe sa chomhaontú sin ar dtús, cé nach ndearnadh foráil sa chreat-chomhaontú sin ar dtús maidir leis an bhféidearthacht sin, ar choinníoll go bhfaighfear toiliú roimh ré ón ngnóthas a thug an creat-chomhaontú i gcrích.

Cúis

Féach an chúis a tugadh roimhe seo.

Leasú 5

Airteagal 2(3)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
ciallaíonn 'soláthar comhoibríoch' an nós imeachta soláthair maidir le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críche cosanta agus na conarthaí a eascraíonn as sin, a dhéanann aon Bhallstát amháin ar a laghad a fhaigheann cúnamh airgeadais faoin ionstraim seo agus aon Bhallstát amháin breise ***nó aon Chomhalta amháin de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Stáit CSTE LEE') nó an Úcráin***. Ina theannta sin, féadfar a chur san áireamh sa soláthar comhoibríoch tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus tríú tíortha eile a bhfuil Comhpháirtíocht Slándála agus Chosanta (Ionstraim neamhcheangailteach) tugtha i gcrích ag an Aontas leo.	ciallaíonn 'soláthar comhoibríoch' an nós imeachta soláthair maidir le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críche cosanta agus na conarthaí a eascraíonn as sin, a dhéanann aon Bhallstát amháin ar a laghad a fhaigheann cúnamh airgeadais faoin ionstraim seo agus aon Bhallstát amháin breise. Ina theannta sin, féadfar a chur san áireamh sa soláthar comhoibríoch ***comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Stáit CSTE LEE'), an Úcráin,*** tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus tríú tíortha eile a bhfuil Comhpháirtíocht Slándála agus Chosanta (Ionstraim neamhcheangailteach) tugtha i gcrích ag an Aontas leo.

Cúis

Ba cheart dhá Bhallstát ar a laghad de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach sa soláthar comhoibríoch chun breisluach Eorpach a bheith acu agus chun tairbhe a bhaint as na hiasachtaí sin de chuid an Aontais.

Leasú 6

Airteagal 4.3

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh soláthairtí a dhéanann aon Bhallstát amháin a bheith incháilithe do thacaíocht faoi ionstraim SAFE le linn 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin. I gcás ina gcuireann Ballstát soláthar den sórt sin san áireamh sa phlean dá dtagraítear in Airteagal 7(2), déanfaidh sé gach beart is gá go gníomhach chun tairbhe an chonartha lena mbaineann a leathnú chuig aon Bhallstát amháin breise ar a laghad nó chuig aon Stát CSTE LEE amháin nó chuig an Úcráin, chomh maith le haon tír aontach leasmhar, tír is iarrthóir leasmhar, tír is iarrthóir ionchasach leasmhar, nó tríú tír leasmhar eile a bhfuil Comhpháirtíocht Slándála agus Chosanta tugtha i gcrích ag an Aontas léi. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na coinníollacha incháilitheachta a bhunaítear in Airteagal 16(2) go (12).	

Cúis

Féach an chúis a tugadh roimhe seo.

Leasú 7

Airteagal 8.4

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Agus cinneadh cur chun feidhme de bhun mhír 2 á ghlacadh ag an gCoimisiún, déanfaidh sé riachtanais mhaoiniúcháin reatha agus ionchasacha an Bhallstáit iarrthaigh a mheas, mar aon leis na hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun an Rialacháin seo atá curtha isteach cheana nó atá beartaithe ag Ballstáit eile a chur isteach, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm san am céanna.	

Leasú 8

Airteagal 16.7 agus 16.8

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch a úsáidtear chun críocha an tsoláthair chomhoibríoch, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit***, Stát CSTE LEE,*** nó na hÚcráine. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha le fáil go héasca ar chríoch Ballstáit***, Stát CSTE LEE,*** nó na hÚcráine do chonraitheoirí nó d'fhochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní atá lonnaithe nó atá acu lasmuigh de na críocha sin, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát.	Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch a úsáidtear chun críocha an tsoláthair chomhoibríoch, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó na hÚcráine. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha le fáil go héasca ar chríoch Ballstáit nó na hÚcráine do chonraitheoirí nó d'fhochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní atá lonnaithe nó atá acu lasmuigh de na críocha sin, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát.
Ní rachaidh costas na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais***, Stáit CSTE LEE*** nó na hÚcráine faoi bhun 65 % de chostas measta an táirge deiridh. Ní bhfaighfear aon chomhpháirt ó thríú tír eile a sháraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais nó a Bhallstát.	Ní rachaidh costas na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais nó na hÚcráine faoi bhun 70 % de chostas measta an táirge deiridh. Ní bhfaighfear aon chomhpháirt ó thríú tír eile a sháraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais nó a Bhallstát.

Cúis

Ba cheart don ionstraim SAFE rannchuidiú go príomha le slabhra soláthair cosanta an Aontais a neartú agus cuidiú leis an Úcráin seachas maoiniú a chur ar fáil do thionscal cosanta nach tionscal de chuid an Aontais é.

Leasú 9

Airteagal 18 nua

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Critéir eisiaimh ***Eiseofar ón bpróiseas iarratais stát ar bith nach n-urramaíonn Smacht Reachta an Aontais – Ballstáit a bhfuil tús curtha le nós imeachta Airteagal 7 CAE ina leith agus stáit nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha:*** — ***nach n-urramaíonn luachanna bunúsacha an Aontais maidir leis an smacht reachta, cearta bunúsacha agus an daonlathas, lena n-áirítear an daonlathas áitiúil;*** — ***a bhfuil leibhéal íseal ailínithe acu le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais;*** — ***nach bhfuil caidreamh maith comharsanachta acu le Ballstáit an Aontais;*** — ***nach gcomhlíonann breithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ar bhonn córasach.*** ***I gcás tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, tugann tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin Eorpaigh maidir le méadú agus an smacht reachta tásca maithe maidir le staid na himeartha i ndáil leis na saincheisteanna sin.***

Cúis

Níor cheart do bhuiséad an Aontais tacú le tionscail chosanta i dtíortha nach n-urramaíonn smacht reachta an Aontais ná cearta agus saoirse an duine, óir go bhféadfadh na tíortha sin a bheith ina mbagairt ar shlándáil an Aontais amach anseo.

COM(2025) 188 final

(Togra le haghaidh rialachán lena ndéantar infheistíochtaí a bhaineann le cosaint i mbuiséad an Aontais a dhreasú)

Leasú 10

Aithris 13

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Glacadh Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtacaítear le táirgeadh armlóin (ASAP) 8 chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do neartú práinneach fhreagrúlacht agus chumas EDTIB chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil armlóin talamh go talamh agus armlóin airtléire chomh maith le diúracáin a áirithiú. Le haistrithe deonacha acmhainní a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte chuig ionstraim ASAP chomh maith le ranníocaíochtaí deonacha breise ó na Ballstáit nó ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile, ba cheart rannchuidiú leis an tacaíocht a shaothrú chun borradh a chur faoi acmhainneachtaí	

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
monaraíochta an Aontais tar éis an 30 Meitheamh 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1525 a leasú chun an fhéidearthacht sin a thabhairt isteach. Ós rud é gur léiríodh go bhfuil an Rialachán sin úsáideach chun acmhainneachtaí táirgeachta nua a fhorbairt maidir le púdar/tiomántán, pléascáin, blaoscanna, acmhainneacht tástála, agus diúracáin ar fud an Aontais, is iomchuí a áirithiú go gcuirfear síneadh lena chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026.	

Cúis

Tá sé conspóideach i gcónaí cistí an bheartais comhtháthaithe a úsáid ar mhaithe le harmlón a tháirgeadh agus ní thagann a leithéid leis an seasamh a ghlac CnaR in RESOL-VII/006.

Leasú 11

Aithris nua 15

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Is féidir tacaíocht a chur ar fáil don tionscal cosanta faoin mBeartas Comhtháthaithe, ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir le príomh-mhisean an bheartais maidir le forbairt shocheacnamaíoch agus chríochach agus go gcomhlíonann sé an aidhm fhoriomlán atá aige, dá bhforáiltear in CFAE, is é sin na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú.

II. **MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CNAR)

1. Tacaíonn CnaR le hiarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh ullmhacht cosanta an Aontais a áirithiú faoi 2030 trí shlabhraí soláthair cosanta Eorpacha a fheabhsú, trí bhíthin infheistíochtaí méadaithe ó na Ballstáit agus soláthar comhoibríoch chun idir-inoibritheacht agus barainneachtaí scála a chothú. San am céanna, molann sé go láidir don Choimisiún comhoibriú leis na Ballstáit chun bacainní rialála laistigh den Aontas a bhaint (e.g. ceadúnais agus deimhniúcháin), chun margadh cosanta níos comhtháite a chruthú agus chun tacú le ceannródaithe tionscail, go háirithe FBManna, agus go mór mór cuideachtaí nideoige beaga atá cliste agus a bhfuil ag éirí go han-mhaith leo.

2. Is díol sásaimh dó, sa chomhthéacs sin, gur foilsíodh an pacáiste Omnibus um Ullmhacht Cosanta, pacáiste arb é is aidhm dó deireadh a chur le scrogaill rialála. Chomh maith leis sin, tá iarraidh go nglacfaí go pras é chun borradh a chur faoi chruthú mhargadh aonair cosanta an Aontais. Is mithid simpliú mór a dhéanamh ar na próisis, sin agus deireadh a chur le hualaí rialála agus riaracháin sna earnálacha ar fad d'fhonn dlús a chur leis an mborradh atá faoi thionscal cosanta na hEorpa, ach sainiúlachtaí fiontar beag agus meánmhéide chur san áireamh freisin;

3. Meabhraíonn CnaR gur bhunaigh sé an Mheitheal um Chosaint agus spreagann sé do na hinstitiúidí eile páirt a ghlacadh inti. Cuireann sé i bhfios go láidir ag an am céanna a thábhachtaí atá an comhar agus forbairt comhghuaillíochtaí, lena n-áirítear Líonra Eorpach na Réigiún a bhaineann leis an gCosaint go háirithe.

4. Tacaíonn CnaR le buiséad láidir cosanta de chuid an Aontais atá bunaithe ar acmhainní breise, sin agus margadh cosanta comhtháite agus comhordú níos fearr ar orduithe náisiúnta. Tugann sé dá aire gur féidir tacú leis an tionscal cosanta leis an mbeartas comhtháthaithe má chuireann sé le cruthú post réigiúnach agus leis an bhfás eacnamaíoch i gcomhréir leis an bpríomh-mhisean atá aige, agus éilíonn sé na sineirgí idir an beartas comhtháthaithe agus cuspóirí cosanta a neartú.

5. Cuireann CnaR i bhfáth, áfach, go ndiúltaíonn sé don fhoráil a dhéantar in ASAP maidir le cistiúcháin an bheartais comhtháthaithe a aistriú chun cur leis an acmhainneacht táirgeachta armlóin, i gcás ina ndéantar an t-aistriú ar bhonn deonach, fiú, ós rud é go bhféadfadh sé sin éagothroime ollmhór a chruthú maidir leis an gcistiúchán atá ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe, rud a d'fhágfadh nach mbeadh ag údaráis bhainistíochta ná tairbhithe na cistiúcháin is gá chun a ngealltanais agus a gcuspóirí fadtéarmacha a chomhlíonadh.

6. Thairis sin, cuireann CnaR in iúl, agus margadh cosanta láidir an Aontais á thógáil, go bhfuil géarghá le comhtháthú réigiúnach agus cobhsaíocht áitiúil na gcríoch a bhfuil ceannródaithe cosanta náisiúnta agus braislí réigiúnacha á n-óstáil acu a chaomhnú.

7. Tá CnaR ag iarraidh go gceapfaí iarrachtaí cosanta an Aontais Eorpaigh ar shlí a chomhlánóidh agus a threiseoidh struchtúir agus cumais ECAT, rud a chuirfidh leis an gcomhleanúnachas agus an idir-inoibritheacht fhoriomlán tráth atá bagairtí slándála ag teacht chun cinn agus rud a sheachnóidh, san am céanna, dúbláil fheidhmeanna agus struchtúir ECAT.

8. Áitíonn CnaR gur gá sócmhainní reatha an tionscail cosanta a neartú, go háirithe na braislí réigiúnacha atá againn faoi láthair, agus beocht a chur an athuair sna braislí réigiúnacha ag ár dteorainneacha, i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus na bearnaí cumais a liostaítear sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030.

9. Cuireann CnaR chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag na réigiúin chun braislí réigiúnacha cosanta agus braislí réigiúnacha a bhaineann leis an gcosaint a chruthú, agus ar an gcaoi sin na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus na geallsealbhóirí ábhartha a nascadh leis na húdaráis náisiúnta agus Eorpacha, go háirithe maidir le tosaíochtaí, riachtanais a bheidh ann amach anseo agus dúshláin.

10. Cuireann CnaR i dtreis a thábhachtaí atá sé éiceachóras tionsclaíoch cosanta an Aontais a leathnú, agus béim ar leith á leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar ghnólachtaí nuathionscanta, agus a thábhachtaí atá sé tacú le speisialtóireacht na bhfiontar sin chun iomaíochas shlabhraí soláthair cosanta na hEorpa a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, meabhraíonn sé an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag na réigiúin agus na cathracha maidir le tacú le gnólachtaí a dteicneolaíochtaí a fhorbairt, iad a idirnáisiúnú agus rochtain a bheith acu ar an margadh, agus maidir le comhar a chothú idir réigiúin na hEorpa agus sineirgí eolais agus scileanna a ghiniúint.

11. Creideann CnaR gur cheart aird ar leith a thabhairt ar réigiúin teorann seachtraí, agus tacaíonn sé le síneadh a chur le tionscnaimh lena gcosnaítear teorainneacha an Aontais, cuir i gcás an Sciath Teorann Thoir. Rud eile atá sé a iaraidh go bhfaigheadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sna réigiúin teorann atá i mbaol ionsaithe tacaíocht shonrach chun cur lena ullmhaithe atá siad, uirlisí sainiúla maoinithe san áireamh, agus chun a mbonneagair agus a mbeartais shocheacnamaíocha a oiriúnú.

12. Aithníonn CnaR go bhfuil ról lárnach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an ullmhacht shibhialta a neartú agus maidir le hathléimneacht an Aontais i leith bagairtí hibrideacha a fheabhsú. Is samplaí iad ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, cibirionsaithe nó brúnna eacnamaíocha den dúshlán atá le sárú ag na údaráis áitiúla agus réigiúnacha faoi láthair, go háirithe na húdaráis atá ar theorainn thoir an Aontais. Ó tharla i gcóngar an phobail iad, is iad is príomhghníomhaí chun cur i gcoinne na bréagaisnéise nó chun oideachas a chur ar na saoránaigh maidir leis an gcosaint shibhialta i measc nithe eile;

13. Is mian leis a chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú le teicneolaíochtaí dé-úsáide laistigh den infheistíocht i réimse na cosanta, a thábhachtaí atá sé earnáil na cosanta a neartú, tairbhí iarmharta a chruthú d'earnálacha sibhialta, comhar a chur chun cinn idir an earnáil phoiblí, cuideachtaí teicneolaíochta agus ionaid taighde, leas iomlán a bhaint as forbairtí suaiteacha gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaíocht a chumasú i réigiúin nach bhfuil tionscail thraidisiúnta chosanta acu; San am céanna, cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na dea-chleachtais a roinnt i measc na réigiún maidir le húsáid chomhcheangailte uirlisí éagsúla an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh détheicneolaíochtaí, d'fhonn forbairt shocheacnamaíoch agus chríochach a chur chun cinn;

Maidir leis an nGníomhaíocht Slándála don Eoraip (Ionstraim SAFE)

14. Cuireann CnaR i bhfáth nach mór do Bhallstáit an Aontais agus don Úcráin, go príomha, tairbhe a bhaint as an EUR 150 billiún d'iasachtaí a chuirtear ar fáil le buiséad an Aontais chun tionscal cosanta an Aontais a neartú, agus gur cheart dhá Bhallstát ar a laghad a bheith rannpháirteach san ionstraim airgeadais sin de chuid an Aontais.

15. Thairis sin, chun urraim cheart a thabhairt ar spiorad na hionstraime agus ar chuspóir deiridh phacáiste ullmhachta cosanta an Aontais, is é sin suas le EUR 800 billiún a ghiaráil do chosaint an Aontais, iarrann CnaR go dtabharfaí tosaíocht níos feiceálaí i gcritéir SAFE don Aontas Eorpach; go mbeadh ceanglas ann go mbeadh 70 % ar a laghad de chostas na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais mar chuid den táirge deiridh, sin agus go mbeadh an t-údarás dearaidh san Aontas Eorpach.

16. Iarrann CnaR freisin gur san Aontas nó san Úcráin a bheadh bonneagair, saoráidí agus acmhainní ó chonraitheoirí agus ó fhochonraitheoirí lonnaithe agus nach ndéanfaí breithniú ar chríocha eile ach amháin nuair nach bhfuil aon rogha eile ann, agus sin tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh.

17. Cuireann CnaR i dtreis gur cheart cistiú an Aontais a bheith faoi réir urraim iomlán a thabhairt don smacht reachta, don daonlathas agus do chearta an duine, agus go mbainfeadh an coinníoll sin leis na Ballstáit agus tairbhithe tríú tír araon.

18. Teastaíonn ó CnaR go mbeadh soiléireacht ann maidir leis an gcaoi a láimhseálfaidh an Coimisiún an ró-shuibscríobh, agus tús áite á thabhairt do thionscadail lena neartaítear ullmhacht cosanta an Aontais. Mar chuid de sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais, suíomhanna conraitheoirí, rannpháirtíocht FBManna, agus tacaíocht do bhraislí cosanta réigiúnacha, lena n-áiritheofar nach ndéanfar geilleagair áitiúla a dhíchobhsú agus go gcaomhnófar na sócmhainní tionsclaíocha atá ann cheana.

Maidir le freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis

19. Tugann CnaR dá aire go bhfuil srianta fioscacha ar chuid mhaith Ballstát agus nach féidir leo níos mó fiachais a ghlacadh chucu féin gan an inbhuanaitheacht a chur i mbaol. Dá dheasca sin, tá gá le cur i bhfeidhm difreáilte an chlásail éalaithe, rud a ardaíonn ceisteanna faoina éifeachtaí agus atá sé ós rud é nach bhfuil sé gníomhachtaithe ach ag 16 thír go dtí seo.

20. Cuireann CnaR in iúl gur cúis bhuartha dó go bhfuil an tréimhse ama atá i gceist (tréimhse ceithre bliana) róghearr chun cabhrú leis na Ballstáit caiteachas cosanta a chomhtháthú go struchtúrach ina mbuiséid agus an aill fhioscach, mar a thugtar air, a sheachaint.

21. Iarrann CnaR go mbeadh dhá thréimhse i gceist leis (go dtí 2032) chun go bhféadfaí cabhrú leis na Ballstáit an chosaint a chomhtháthú ina ngnáthbhuiséad agus chun an intuarthacht is gá a thabhairt do thionscal cosanta an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit na ceithre bliana breise sin a úsáid chun caiteachas cosanta a chomhtháthú de réir a chéile ina mbuiséad náisiúnta.

22. Tugann CnaR dá aire go mbraitheann ionstraim SAFE agus gníomhachtú an chlásail éalaithe araon ar fhiachas náisiúnta a dhreasú chun ár slándáil a mhaoiniú, rud a d'fhéadfadh éagothromaíochtaí réigiúnacha a ghéarú agus margadh cosanta na hEorpa a ilroinnt tuilleadh. I dtaca leis sin, ní mór don Aontas ionstraim airgeadais Eorpach a fhorbairt chun borradh a chur faoin infheistíocht agus faoin acmhainneacht sa tslándáil agus sa chosaint sa ghearrthéarma trí bhíthin an chomhfhiachais Eorpaigh.

23. Áitíonn CnaR nach mór don Aontas machnamh a dhéanamh freisin ar an gcosaint agus ar an tslándáil san fhadtéarma, idir seo agus 2050, agus nach inbhuanaithe an nós é fiachas a úsáid a chun críche maoinithe struchtúraigh na slándála. Molann sé, ina fhianaise sin, córas nua fíor-acmhainní dílse a bhunú chun cumas an Aontais freagra éifeachtach a thabhairt ar dhúshláin slándála amach anseo a áirithiú.

An Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ